# Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé ag siúl le ciumais na haḃann
Ar báinseaċ úr is an ḋrúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an læ.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na spéire;
Taitneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléiḃte
Ag bagairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.
Do ġealfaḋ an croí beaḋ críon le cianta,
Caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
An séiṫleaċ searb gan sealb gan saiḃreas
D'ḟéaċfaḋ tamall ṫar barra na gcoillte
Ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a ḃfuaiḋ 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
Péirse im raḋarc go taibseaċ tarrḃreac,
Daṫ an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Bíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ mómar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóite,
Tréanriṫ gaḋar is Reynarḋ rómpu.
Tréanriṫ gaḋar is Reynarḋ rómpu.